# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2025

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Tíreolaíocht

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid seo a leanas:

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Mar riail ghinearálta, más ann d'amhras faoi bhailíocht aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.
- Níl na moltaí ná na samplaí srl. a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile srl.
- Chun críche marcála, is éard is Pointe Substaintiúil Ábhartha (PSÁ) ann ná aon phíosa amháin d'fhaisnéis fhíorasach a dtabharfaidh scrúdaitheoir ualú marcála dó mar atá leagtha síos sa scéim mharcála (2 mharc de ghnáth). Mar a moladh roimhe seo i gCiorclán S85/09 agus sna Táscairí Marcála Samplacha atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit, ba cheart go dtiocfadh gach PSÁ as an eolas a thugann an t-iarrthóir, ar bhealach a bhfuil freagra iomlán mar thoradh air atá comhleanúnach tríd is tríd.

Tá eolas sa tábla thíos maidir leis na nótaí mínithe a úsáidtear don mharcáil sa scéim mharcála. Nuair a úsáidtear nótaí mínithe eile le haghaidh ceisteanna áirithe, liostáítear na nótaí mínithe sin tar éis na scéime marcála don cheist ábhartha.

| **Nóta Mínithe** | **Úsáid** | **Marcanna (más bainteach)** |
|---|---|---|
| ✓1 | Eolas ábhartha | 1 |
| ✓2 | Eolas ábhartha | 2 |
| ✓3 | Eolas ábhartha | 3 |
| ✓4 | Eolas ábhartha | 4 |
| ✓ | Farasbarr eolais | Níl ar fáil |
| [0] | Freagra mícheart | 0 |
|  | Cuid shuntasach den fhreagra | Níl ar fáil |
|  | Leathanach feicthe ag an scrúdaitheoir / Faisnéis neamhbhailí | Níl ar fáil |


3

**CUID A hAON – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 80 MARC**

Aon 10 gceist @ 8 marc an cheann.
Déan gach ceist a ndearnadh iarracht uirthi a mharcáil agus bronn marcanna ar na deich gceist leis na marcanna is airde. Gan grádú ar bith.

C.1 (i) Sruthanna Comhiompair 2 mharc
(ii) Fodhuchtú 2 mharc
(iii) Trinse aigéin 2 mharc
(iv) Litisféar 2 mharc

C.7 (i) M 123 432 2 mharc
(ii) 6 – 7 ($km^2$) 2 mharc
(iii) 7.8 (km) 2 mharc
(iv) An Ghaeltacht/Gaeltacht 2 mharc

C.2 (i) B 1 mharc
D 1 mharc
A 1 mharc
C 1 mharc
(ii) (a) Fíor 2 mharc
(b) Fíor 2 mharc

C.8 (i) Abhainn Ruibhe 2 mharc
(ii) M 122 427 2 mharc
(iii) N59 2 mharc
(iv) Soir ó thuaidh 2 mharc

C.3 (i) A 1 mharc
D 1 mharc
B 1 mharc
C 1 mharc
(ii) Freagra bailí 2 mharc
(iii) Freagra bailí 2 mharc

C.9 A Tulra láir 2 mharc
B Cúlra ar dheis 2 mharc
C Tulra ar chlé 2 mharc
D Lár ar chlé 2 mharc

C.4 (i) @ 1 mharc an ceann

| Bunábhar | Bruthcharraig/ Carraig dhríodrach | Carraig Mheiteam. |
|---|---|---|
| Gaineamh | Gaineamhchloch | Grianchloichít |
| Carraig Leáite | Basalt | Sciosta |

(ii) Freagra bailí 1 + 1 mharc

C.10 (i) 1013 2 mharc
(ii) Bréagach 2 mharc
(iii) Iseabair 2 mharc
(iv) Oclúidithe 2 mharc

C.5 (i) D 1 mharc
A 1 mharc
B 1 mharc
C 1 mharc
(ii) Freagra bailí 2 + 2 mharc

C.11(i) Astrálach 2 mharc
(ii) 1,034,132 2 mharc
(iii) 34.4 (%) 2 mharc
(iv) Freagra bailí 2 mharc

C.6 @ 1 mharc an ceann

| Sampla | Suíomh |
|---|---|
| Daingean Uí Chúis | Co. Chiarraí |
| Gleann an Ruhr | An Ghearmáin |
| Sléibhre Chill Mhantáin | Cúige Laighean |
| Imchuach Pháras | An Fhrainc |

C.12 (i) 3 (%) 2 mharc
(ii) 13 (%) 2 mharc
(iii) Fíor 2 mharc
(iv) Freagra bailí 1 + 1 mharc

## ROINN 1

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH

**Ceist 1 go 3**

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

## Ceist 1

**1A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil leathscála den limistéar a thaispeántar.

Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh mar is ceart gach ceann díobh seo a leanas:

- Limistéar iomlán Loch Coirib
- Cúrsa Abhainn Ruibhe (Owenriff river) ó M 089 417 go dtí an áit a dtéann sí isteach i Loch Coirib
- Loch Bhoth Bhuí (Buffy Lough)
- Cúrsa iomlán bhóthar an N59.

**[20m]**

| | |
|---|---|
| Imlíne na Sracléarscáile | 4 mharc (4/0) |
| 4 ghné @ 4 mharc an ceann | Taispeánta 3 mharc (grádaithe 3/1/0)<br>Lipéad 1 mharc |

- Ní mór imlíne na sracléarscáile a bheith tarraingthe go leathscála an achair a leagtar síos. Is é an méid a theastaíonn ná 12cm x 9cm [ceadaigh difríocht suas le 0.5cm]. Ní mór é a bheith i dtreoshuíomh tírdhreacha.
- Ní mór ceithre thaobh tarraingthe a bheith ag an sracléarscáil. Níl sé inghlactha imeall an leathnaigh a úsáid. Cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile.
- Sa chás gur rianaíocht a dhéantar den tsracléarscáil nó nach ndéantar ach cuid den léarscáil a tharraingt, cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile agus 3 mharc in aghaidh na míre. Ná ceadaigh ach marcanna lipéadaithe.
- Má úsáidtear aerfótagraf in ionad léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis 0 marc.
- Féadfaidh lipéid a bheith curtha ar na gnéithe ar an tsracléarscáil nó in eochair. Mura bhfuil siad lipéadaithe, 0 marc as taispeáint.
- Ní mór iarracht a bheith ann ar ghné a thaispeáint chun go mbronnfar marcanna as lipéadú. Mura dtaispeántar, 0 marc as lipéadú. Má bhíonn an ghné aimsithe san

áit chontráilte, ach í lipéadaithe i gceart, féadfar marcanna i gcomhair lipéadú a bhronnadh toisc go ndearnadh iarracht í a aimsiú.

- Marcanna taispeána grádaithe 3/1/0. Cruinneas réasúnta (suíomh agus coibhneas) le haghaidh lánmharcanna taispeána.
- Is féidir an sracléarscáil a tharraingt ar an bhfreagarleabhar nó ar ghrafpháipéar.

**1B. Carraigeacha agus Tírdhreacha**

Scrúdaigh an dóigh a gcruthaítear tírdhreacha sainiúla mar thoradh ar chineálacha éagsúla carraigeacha agus tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Carraig 1 agus an tírdhreach gaolmhar ainmnithe | 2 + 2 mharc |
| Carraig 2 agus an tírdhreach gaolmhar ainmnithe | 2 + 2 mharc |
| Scrúdúchán | 11 x PSÁ |

- Caithfear scrúdú a dhéanamh ar gach cineál carraige eile agus ar na tírdhreacha gaolmhara.
- Níl an cheist seo teoranta d'Éirinn.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ i gcomhair léaráid ábhartha lipéadaithe ón scrúdú. 0 marc ar léaráid gan lipéadú.
- Creidiúint i gcomhair eolas ábhartha breise ar an léaráid lipéadaithe le haghaidh 2 x PSÁ ón scrúdú. Caithfidh gur faisnéis í seo nár bronnadh marc uirthi cheana sa chuntas scríofa.
- Cur síos ar an gcarraig nó ar an tírdhreach gan tagairt ar bith don ghaol idir an charraig agus an tírdhreach, 2 x PSÁ ar a mhéad.
- 6 x PSÁ ar a mhéad mura ndéantar ach cineál amháin carraige agus tírdhreach a scrúdú.

| Nóta Mínithe | Úsáid | Marcanna |
|---|---|---|
| N | Carraig ainmnithe | 2 |
| Ex | Sampla de thírdhreach gaolmhar | 2 |
| ✓2 | Eolas bailí dar luach 2 mharc | 2 |
| ✓ | Farasbarr eolais | Níl ar fáil |
| Dg | Léaráid bhailí | 2 |


7

**1C. Iseastatacht**

Tabhair cur síos agus míniú ar an dóigh ar mhúnlaigh an iseastatacht tírdhreach na hÉireann.

**[30m]**


| | |
|---|---|
| Tionchar/gné aitheanta | 2 mharc |
| Cur síos/míniú | 14 x PSÁ |

- Tabhair creidiúint 1 x PSÁ don dara tionchar/gné a aithnítear ón gcur síos/míniú. Tá cur síos/míniú de dhíth maidir le gach tionchar/gné.
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ as dhá sampla ainmnithe Éireannacha ón gcur síos/míniú.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ i gcomhair léaráid ábhartha lipéadaithe ón gcur síos/míniú. 0 marc ar léaráid gan lipéadú.
- Creidiúint i gcomhair eolas ábhartha breise ar an léaráid lipéadaithe le haghaidh 2 x PSÁ ón gcur síos/míniú. Caithfidh gur faisnéis í seo nár bronnadh marc uirthi cheana sa chuntas scríofa.
- Glac le gnéithe de theacht chun cinn cósta agus gnéithe athnuachana.
- Tá an cheist seo teoranta d'Éirinn.
- 2 x PSÁ ar a mhéad murar tugadh ach cur síos ar iseastatacht gan tagairt ar bith don tionchar ar thírdhreach na hÉireann.

| Nóta Mínithe | Úsáid | Marcanna |
|---|---|---|
| I | Tionchar/gné aitheanta | 2 |
| Ex | Sampla | 2 |
| ✓2 | Eolas bailí dar luach 2 mharc | 2 |
| ✓ | Farasbarr eolais | Níl ar fáil |
| Dg | Léaráid bhailí | 2 |

## Ceist 2

### 2A. An Timthriall Teicteonach



Bhí brúchtadh Hunga Tonga-Hunga Ha'apai, bolcán faoin uisce, ar an 15 Eanáir 2022 ar cheann de na brúchtaí ba mhó a cláraíodh riamh. Chuir an brúchtadh tús le tonnta súnámaí suas go dtí 15m ar airde a bhuail cósta thiar Tongatapu, 'Eua agus Ha'apai. Thit luaithreach ar limistéar cúig chiliméadar cearnach ar a laghad.
De thoradh an damáiste a rinneadh don teileachumarsáid idirnáisiúnta agus intíre a bhí faoin bhfarraige is beag eolas a bhí ar fáil as Tonga i ndiaidh an bhrúchta. Thuairiscigh fórsaí cosanta na hAstráile agus na Nua-Shéalainne go ndearnadh damáiste suntasach do thithe, bóithre, seirbhísí uisce agus bonneagar eile. An bolcán agus an súnámaí ba chúis le bás ceathrair, a dúradh. Easáitíodh thart ar 3,000 duine díreach ina dhiaidh ach d'fhill a bhformhór ar a bpobail féin níos deireanaí.

Curtha in oiriúint ó www.reliefweb.int

Scrúdaigh an íomhá agus an téacs thuas a bhaineann leis an mbrúchtadh bolcánach i dTonga agus an súnámaí agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén airde, ina méadair, a bhí ag na tonnta súnámaí?

(ii) Tabhair tionchar **amháin** a bhí ag an mbrúchtadh agus ag an súnámaí ar oileáin Thonga.

(iii) Cé mhéad duine a fuair bás mar thoradh ar an mbrúchtadh bolcánach agus an súnámaí?

(iv) Luaigh **dhá** bhealach inar féidir brúchtaí bolcánacha a thuar.

(v) Is féidir le crith talún tús a chur le súnámaí freisin. Ainmnigh uirlis **amháin** a úsáidtear chun gníomhaíocht chreatha talún a thomhas.

(vi) Mínigh go hachomair **dhá** bhealach creathanna talún a theorannú.

**[20m]**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | 15 (méadar) | 2 mharc |
| (ii) | Tionchar bhailí | 2 mharc |
| (iii) | Ceathair | 2 mharc |
| (iv) | Freagra bailí | 2 + 2 mharc |
| (v) | Seismeagraf | 2 mharc |
| (vi) | Míniú bailí | 2 + 2 mharc |
| | | 2 + 2 mharc |

**2B. Próisis Dromchla**

**Freagair** (i) **nó** (ii)

(i) Scrúdaigh an ról atá ag **próiseas an tsil-leagain** i bhfoirmiú tírghné abhann **amháin nó** tírghné chósta **amháin nó** tírghné oighreach **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tírghné ainmnithe | 2 mharc |
| Scrúdúchán | 14 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ le haghaidh tagairt do ról phróiseas an tsil-leagain. Maidir le gach tagairt eile do ról phróiseas an tsil-leagain, teastaíonn scrúdú.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as sampla sonrach ón scrúdúchán.
- Is é bunphointe na ceiste ná conas mar a théann ról phróiseas an tsil-leagain i bhfeidhm ar fhoirmiú aon tírghné amháin. Scrúdúchán ar phróisis an chreimthe 0 marc.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ i gcomhair léaráid ábhartha lipéadaithe ón scrúdú. 0 marc ar léaráid gan lipéadú.
- Creidiúint i gcomhair eolas ábhartha breise ar an léaráid lipéadaithe le haghaidh 2 x PSÁ ón scrúdú. Caithfidh gur faisnéis í seo nár bronnadh marc uirthi cheana sa chuntas scríofa.
- 2 x PSÁ ar a mhéad mura bhfuil ann ach cur síos ar thírghné gan tagairt don fhoirmiú.
- Níl an cheist seo teoranta d'Éirinn

| Nóta Mínithe | Úsáid | Marcanna |
|---|---|---|
| N | Tírghné ainmnithe | 2 |
| REF | Tagairt do ról phróiseas an tsil-leagain | 2 |
| Ex | Sampla | 2 |
| ✓2 | Eolas bailí dar luach 2 mharc | 2 |
| ✓ | Farasbarr eolais | Níl ar fáil |
| Dg | Léaráid bhailí | 2 |


10

**Nó**

(ii) Tugtar cur síos agus míniú ar na **tosca a rialaíonn oibriú** próiseas ollghluaiseachta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tosca aitheanta | 2 + 2 mharc |
| Próiseas ollghluaiseachta ainmnithe | 2 mharc |
| Cur síos/míniú | 12 x PSÁ |

- Tá cur síos/míniú de dhíth maidir le gach toisc sa bhreis.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as sampla sonrach ón gcur síos/míniú.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ i gcomhair léaráid ábhartha lipéadaithe ón gcur síos/míniú. 0 marc ar léaráid gan lipéadú.
- Creidiúint i gcomhair eolas ábhartha breise ar an léaráid lipéadaithe le haghaidh 2 x PSÁ ón gcur síos/míniú. Caithfidh gur faisnéis í seo nár bronnadh marc uirthi cheana sa chuntas scríofa.
- Níl an cheist seo teoranta d'Éirinn
- 2 x PSÁ ar a mhéad mura bhfuil ann ach cur síos ar ollghluaiseacht gan tagairt do thosca a rialaíonn a hoibriú.

| Nóta Mínithe | Úsáid | Marcanna |
|---|---|---|
| FA | Toisc aitheanta | 2 |
| N | Próiseas ollghluaiseachta ainmnithe | 2 |
| Ex | Sampla | 2 |
| ✓2 | Eolas bailí dar luach 2 mharc | 2 |
| ✓ | Farasbarr eolais | Níl ar fáil |
| Dg | Léaráid bhailí | 2 |

**2C. Síonchaitheamh**

Mínigh próiseas síonchaithimh fhisicigh **amháin agus** próiseas síonchaithimh cheimicigh **amháin**.

**[30m]**


| | |
|---|---|
| Próiseas síonchaithimh fhisicigh ainmnithe | 2 mharc |
| Próiseas síonchaithimh cheimicigh ainmnithe | 2 mharc |
| Míniú ar shíonchaitheamh fisiceach | 7/6 x PSÁ |
| Míniú ar shíonchaitheamh cheimiceach | 6/7 x PSÁ |

- Tabhair creidiúint 1 x PSÁ as sampla ón míniú.
- Tabhair creidiúint 1 x PSÁ as léaráid lipéadaithe ábhartha ón míniú. 0 marc ar léaráid gan lipéadú.
- Creidiúint i gcomhair eolas ábhartha breise ar an léaráid lipéadaithe le haghaidh 2 x PSÁ ón míniú.  Caithfidh gur faisnéis í seo nár bronnadh marc uirthi cheana sa chuntas scríofa.
- 0 marc ar léaráid gan lipéadú.
- Níl an cheist ceangailte le hÉirinn.
- Murar míníodh ach próiseas síonchaithimh fhisicigh nó próiseas síonchaithimh cheimicigh, 7 x PSÁ ar a mhéad.

| Nóta Mínithe | Úsáid | Marcanna |
|---|---|---|
| N | Próiseas síonchaithimh ainmnithe | 2 |
| Ex | Sampla | 2 |
| ✓2 | Eolas bailí dar luach 2 mharc | 2 |
| ✓ | Farasbarr eolais | Níl ar fáil |
| Dg | Léaráid bhailí | 2 |
| P1 / P2 | Baineann sé le próiseas 1 / próiseas 2 | Níl ar fáil |

## Ceist 3

### 3A. Tírghnéithe Cósta




Arna chur in oiriúint ó www.purposegames.com

Scrúdaigh an léaráid thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Ainmnigh gach ceann de na tírghnéithe a foirmíodh mar thoradh ar phróisis chósta agus a bhfuil na lipéid **A**, **B**, **C**, **D**, **E** agus **F** orthu.

(ii) Ainmnigh **dhá** phróiseas a bhaineann go sainiúil le creimeadh cósta.

(iii) Mínigh go hachomair cad is brí le *tonn-athraonadh*.

**[20m]**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | **A** = Ceann tíre | 2 mharc |
| | **B** = Poll séideáin | 2 mharc |
| | **C** = Bá | 2 mharc |
| | **D** = Staca farraige | 2 mharc |
| | **E** = Clár tonnghearrtha | 2 mharc |
| | **F** = Pluais | 2 mharc |
| (ii) | Próisis shonracha ainmnithe | 2 + 2 mharc |
| (iii) | Míniú bailí | 2 + 2 mharc |

## 3B. Idirghníomhaíocht an Duine le Timthriall na gCarraigeacha

Tabhair cur síos agus míniú ar an dóigh a n-idirghníomhaíonn an duine le timthriall na gcarraigeacha agus bíodh tagairt agat do cheann **amháin** díobh seo a leanas:

- Mianadóireacht
- Eastóscadh ábhar foirgníochta
- Saothrú Ola/Gáis
- Táirgeadh fuinnimh gheoiteirmigh.

**[30m]**

Cur síos/Míniú 15 x PSÁ

- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as sampla ón gcur síos/míniú.
- Tabhair creidiúint 1 x PSÁ don idirghníomhaíocht a aithníodh ón gcur síos/míniú. Tá cur síos/míniú de dhíth maidir le gach idirghníomhaíocht sa bhreis.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ i gcomhair léaráid ábhartha lipéadaithe ón gcur síos/míniú. 0 marc ar léaráid gan lipéadú.
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ i gcomhair eolas ábhartha breise ar léaráid lipéadaithe ón gcur síos/míniú. Caithfidh gur faisnéis í seo nár bronnadh marc uirthi cheana sa chuntas scríofa.
- Níl an cheist seo teoranta d'Éirinn
- Féadfaidh an plé a bheith dearfach nó diúltach.

| Nóta Mínithe | Úsáid | Marcanna |
|---|---|---|
| Ex | Sampla | 2 |
| I | Idirghníomhaíocht aitheanta | 2 |
| ✓2 | Eolas bailí dar luach 2 mharc | 2 |
| ✓ | Farasbarr eolais | Níl ar fáil |
| Dg | Léaráid bhailí | 2 |


14

## 3C. Forbairt Tírghnéithe

Scrúdaigh an dóigh a mbíonn tionchar ag ceann **amháin** díobh seo a leanas ar fhorbairt tírghnéithe:

- Filleadh
- Éascadh.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tírghné aitheanta | 2 mharc |
| Scrúdúchán | 14 x PSÁ |

- Tabhair creidiúint 1 x PSÁ as an dara tírghné a aithníodh ón scrúdú.
- Tabhair creidiúint 2 x PSÁ i gcomhair samplaí ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ i gcomhair léaráid ábhartha lipéadaithe ón scrúdú. 0 marc ar léaráid gan lipéadú.
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ i gcomhair eolas ábhartha breise ar léaráid lipéadaithe ón scrúdú. Caithfidh gur faisnéis í seo nár bronnadh marc uirthi cheana sa chuntas scríofa.
- Níl an cheist ceangailte le hÉirinn.
- 2 x PSÁ ar a mhéad mura bhfuil ann ach cur síos ar fhilleadh/éascadh gan tagairt do fhorbairt tírghné.

| Nóta Mínithe | Úsáid | Marcanna |
|---|---|---|
| I | Tírghné aitheanta | 2 |
| Ex | Sampla | 2 |
| ✓2 | Eolas bailí dar luach 2 mharc | 2 |
| ✓ | Farasbarr eolais | Níl ar fáil |
| Dg | Léaráid bhailí | 2 |

**ROINN 2**

**TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH**

**Ceist 4 go 6**

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

## Ceist 4

**4A. Scileanna Léarscáile**

Tarraing léarscáil imchrutha d'**Éirinn**.

Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin **agus** ainmnigh gach ceann díobh seo a leanas:

- Imchruth de réigiún ainmnithe **amháin**
- Lárionad uirbeach ainmnithe **amháin** sa réigiún sin
- Abhainn ainmnithe **amháin** sa réigiún sin
- Imchruth de ghné rilífe ainmnithe **amháin** (talamh ard nó talamh íseal) sa réigiún sin.

**[20m]**

| | |
|---|---|
| Imlíne na léarscáile | 4 mharc (grádaithe 4/2/0) |
| 4 ghné @ 4 mharc an ceann | Taispeánta 2 mharc grádaithe (2/1/0)<br>Ainmnithe 2 mharc |

- Ná glac le réigiún Eorpach nó le réigiún Ilchríochach / Fo-ilchríochach.
- Glac le haon chineál lárionad uirbeach bailí, beag beann ar mhéid an lárionaid.
- Is féidir ainmneacha a scríobh ar shracléarscáil nó san eochair.
- Is féidir an léarscáil imlíne a tharraingt ar an bhfreagarleabhar nó ar ghrafpháipéar.
- Tugtar marcanna as na gnéithe is gá a ainmniú más bailí agus ceart na hainmneacha fiú mura dtaispeántar na gnéithe nó má thaispeántar mícheart iad.
- Sa chás ina dtaispeántar gnéithe ach go n-ainmnítear mícheart iad, nó nach n-ainmnítear in aon chor iad, tugtar 0 marc don taispeáint agus 0 marc don ainmniú.

**4B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Phríomhúil**

Scrúdaigh **dhá** thoisc a raibh tionchar acu ar fhorbairt na gníomhaíochta geilleagraí príomhúla i réigiún **Ilchríochach / Fo-ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip) a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tosca aitheanta | 2 + 2 mharc |
| Scrúdú ar Thoisc 1 | 7/6 x PSÁ |
| Scrúdú ar Thoisc 2 | 6/7 x PSÁ |

- Tabhair creidiúint 2 x PSÁ as samplaí faoi leith de ghníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil.
- Ná glactar le scrúdú ar ghníomhaíocht phríomhúil i réigiún Éireannach ná Eorpach.
- Scrúdú gan nasc le réigiún ainmnithe nó tátal soiléir 0 marc.
- 1 x PSÁ ar a mhéad in aghaidh na toisce mura ndéantar ach cur síos ar thoisc gan aon tagairt d’fhorbairt na gníomhaíochta príomhúla.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ le haghaidh sracléarscáil lipéadaithe bailí ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ breise le haghaidh faisnéis ábhartha bhreise ar an sracléarscáil ón scrúdú. Caithfidh gur faisnéis í seo nár bronnadh marc uirthi cheana sa chuntas scríofa.
- Glactar le léirmhíniú dearfach agus diúltach ar fhorbairt.

| Nóta Mínithe | Úsáid | Marcanna |
|---|---|---|
| FA | Toisc aitheanta | 2 |
| Ex | Sampla de ghníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil | 2 |
| ✓2 | Eolas bailí dar luach 2 mharc | 2 |
| ✓ | Farasbarr eolais | Níl ar fáil |
| Dg | Sracléarscáil bhailí | 2 |
| P1 / P2 | Baint ag nótaí mínithe le toisc 1 / toisc 2 | Níl ar fáil |


17

**4C. An tAontas Eorpach**

Mínigh **gach** ceann de na dúshláin seo a leanas atá roimh an Aontas Eorpach faoi láthair:

- Dúshláin shóisialta
- Dúshláin gheilleagracha. **[30m]**

| | |
|---|---|
| Dúshlán sóisialta aitheanta | 2 mharc |
| Míniú ar dhúshláin shóisialta | 7/6 x PSÁ |
| Dúshlán eacnamaíoch aitheanta | 2 mharc |
| Míniú ar dhúshláin eacnamaíocha | 6/7 x PSÁ |

- ➢ Tabhair creidiúint 1 x PSÁ don dara dúshlán sóisialta ón míniú.
- ➢ Tabhair creidiúint 1 x PSÁ don dara dúshlán eacnamaíoch ón míniú.
- ➢ Uasmhéid de 7 x PSÁ mura mínítear ach dúshlá(i)n s(h)óisialta amháin nó dúshlá(i)n eacnamaíoch(a) amháin.
- ➢ Is féidir leis an bhfreagra a bheith bunaithe ar bhallstát amháin, ar roinnt Ballstát, ar an Aontas i gcoitinne nó ar mheascán díobh sin srl.


| Nóta Mínithe | Úsáid | Marcanna |
|---|---|---|
| I | Dúshlán sóisialta aitheanta | 2 |
| N | Dúshlán eacnamaíoch aitheanta | 2 |
| ✓2 | Eolas bailí dar luach 2 mharc | 2 |
| ✓ | Farasbarr eolais | Níl ar fáil |
| P1 / P2 | Baineann anótálacha le dúshláin shóisialta / dúshláin eacnamaíocha | Níl ar fáil |


18

## Ceist 5

### 5A. An tAontas Eorpach

Iarrthóirí Tearmainn den Chéad Uair san Aontas Eorpach (AE) de réir na dtíortha a shroich siad (Eanáir agus Meitheamh 2024)




Arna chur in oiriúint ó Eurostat

Scrúdaigh an graf thuas ina dtaispeántar iarrthóirí tearmainn den chéad uair i dtíortha roghnaithe san Eoraip, i mí Eanáir go dtí mí an Mheithimh 2024 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén tír a fuair an líon ab airde iarratas nua sa tréimhse a thaispeántar?
(ii) Cén tír a fuair níos mó iarratas nua i mí an Mheithimh i gcomparáid le mí Eanáir?
(iii) Cé mhéad iarratas nua den chéad uair a fuair Éire i mí Eanáir 2024?
(iv) Ríomh meán na n-iarratas tearmainn i mí Eanáir sna tíortha a thaispeántar.
(v) Luaigh cúis **amháin** a d'fhéadfadh a bheith leis an imirce ard isteach san AE.
(vi) Mínigh go hachomair buntáiste **amháin** a bhaineann an tAontas Eorpach as an imirce mhéadaithe.
(vii) Mínigh go hachomair dúshlán **amháin** atá roimh an Aontas Eorpach mar thoradh ar leibhéil arda inimirce.

**[20m]**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | An Ghearmáin | 2 mharc |
| (ii) | Spáinn | 2 mharc |
| (iii) | 1,775 | 2 mharc |
| (iv) | 13,324 | 4 mharc |
| (v) | Cúis bhailí | 2 mharc |
| (vi) | Míniú bailí | 2 + 2 mharc |
| (vii) | Míniú bailí | 2 + 2 mharc |

**5B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Threasach**

Scrúdaigh **dhá** thoisc a raibh tionchar acu ar fhorbairt gníomhaíochta geilleagraí treasaí **amháin** i réigiún in **Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tosca aitheanta | 2 + 2 mharc |
| Scrúdú ar Thoisc 1 | 7/6 x PSÁ |
| Scrúdú ar Thoisc 2 | 6/7 x PSÁ |

- Tabhair creidiúint 2 x PSÁ as samplaí faoi leith de ghníomhaíocht gheilleagrach threasach.
- 7 x PSÁ ar a mhéad mura scrúdaítear ach toisc amháin.
- Ná glactar le scrúdúchán ar ghníomhaíocht gheilleagrach threasach i réigiún Eorpach nó i réigiún Ilchríochach / Fo-Ilchríochach.
- Scrúdúchán nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- Glactar le léirmhíniú dearfach agus diúltach ar fhorbairt.
- Glac le scrúdú ar ghníomhaíocht gheilleagrach threasach amháin. Má scrúdaítear níos mó ná gníomhaíocht gheilleagrach threasach amháin, marcáil astu féin iad agus bronn an marc is airde.
- 1 x PSÁ ar a mhéad in aghaidh na toisce mura bhfuil ann ach cur síos ar an toisc gan tagairt d'fhorbairt gníomhaíochta geilleagraí treasaí amháin.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ le haghaidh sracléarscáil lipéadaithe bailí ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ breise le haghaidh faisnéis ábhartha bhreise ar an sracléarscáil. Caithfidh gur faisnéis í seo nár bronnadh marc uirthi cheana sa chuntas scríofa.

| Nóta Mínithe | Úsáid | Marcanna |
|---|---|---|
| FA | Toisc aitheanta | 2 |
| Ex | Sampla de ghníomhaíocht gheilleagrach threasach | 2 |
| ✓2 | Eolas bailí dar luach 2 mharc | 2 |
| ✓ | Farasbarr eolais | Níl ar fáil |
| Dg | Sracléarscáil bhailí | 2 |
| P1 / P2 | Baint ag nótaí mínithe le toisc 1 / toisc 2 | Níl ar fáil |


20

## 5C. Coincheap Réigiúin

Scrúdaigh an dóigh ar féidir úsáid a bhaint as an aeráid **nó** as an ngeomoirfeolaíocht chun réigiúin a shainmhíniú agus tagairt agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Sampla | 2 mharc |
| Scrúdúchán | 14 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as an dara sampla ón scrúdúchán. Ní mór scrúdú a dhéanamh ar gach sampla eile.
- Tabhair creidiúint 1 x PSÁ as tagairt shonrach don aeráid nó do gheomoirfeolaíocht ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ le haghaidh sracléarscáil/léaráid lipéadaithe bailí ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ breise le haghaidh faisnéis ábhartha bhreise ar an sracléarscáil/léaráid ón scrúdú. Caithfidh gur faisnéis í seo nár bronnadh marc uirthi cheana sa chuntas scríofa.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach.

| Nóta Mínithe | Úsáid | Marcanna |
|---|---|---|
| Ex | Sampla | 2 |
| REF | Tagairt don aeráid nó do gheomorfeolaíocht | 2 |
| ✓2 | Eolas bailí dar luach 2 mharc | 2 |
| ✓ | Farasbarr eolais | Níl ar fáil |
| Dg | Sracléarscáil/léaráid bhailí | 2 |


21

## Ceist 6

### 6A. Fostaíocht Chósta in Éirinn

Fostaíocht chósta in earnáil an bhia mara i réigiúin in Éirinn in 2022

| Réigiún | Daonra cósta | Fostaíocht Chósta | Fostaíocht in earnáil an bhia mara | An Céatadán den Fhostaíocht Chósta in earnáil an bhia mara |
|---|---|---|---|---|
| **An Tuaisceart** | 74,989 | 27,488 | 3,736 | 14 |
| **An tIarthuaisceart** | 64,059 | 25,328 | 1,773 | 7 |
| **An tIarthar** | 64,704 | 27,034 | 1,690 | 6 |
| **An tIardheisceart** | 90,323 | 36,718 | 2,095 | 6 |
| **An Deisceart** | 115,533 | 49,815 | 3,169 | 6 |
| **An tOirdheisceart** | 91,681 | 36,467 | 1,602 | 4 |
| **An tOirthuaisceart** | 83,775 | 36,139 | 1,238 | **X** |
| **Poblacht na hÉireann** | 585,064 | 239,989 | 15,303 | 6 |

Arna chur in oiriúint ó bmi.ie

Scrúdaigh an tábla thuas ina dtaispeántar eolas faoi earnáil an bhia mara i réigiúin in Éirinn in 2022, agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén réigiún ina raibh an daonra cósta ab airde?
(ii) I réigiún an oirdheiscirt, cén céatadán (%) den fhostaíocht chósta a bhí in earnáil an bhia mara?
(iii) Ríomh **X**, an céatadán (%) den fhostaíocht chósta atá in earnáil an bhia mara i réigiún an oirthuaiscirt.
(iv) Ainmnigh **dhá** réigiún ina raibh an céatadán (%) den fhostaíocht chósta níos airde ná an meán náisiúnta.
(v) Ainmnigh **dhá** chalafort iascaireachta in Éirinn.
(vi) Mínigh go hachomair dúshlán **amháin** atá roimh earnáil an bhia mara.

**[20m]**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | An Deisceart | 2 mharc |
| (ii) | 4 (%) | 2 mharc |
| (iii) | 3 (%) | 4 mharc |
| (iv) | Tuaisceart agus Iarthuaisceart | 2 + 2 mharc |
| (v) | Sampla bailí | 2 + 2 mharc |
| (vi) | Míniú bailí | 2 + 2 mharc |

## 6B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Thánaisteach

Scrúdaigh an dóigh a raibh tionchar ag **dhá** thoisc ar bith ar an bhforbairt ar ghníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach i réigiún **Eorpach** (nach bhfuil in Éirinn) a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tosca aitheanta | 2 + 2 mharc |
| Scrúdú ar Thoisc 1 | 7/6 x PSÁ |
| Scrúdú ar Thoisc 2 | 6/7 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ as sampla faoi leith de shamplaí sonracha de ghníomhaíocht eacnamaíoch thánaisteach ón scrúdú.
- Ná glactar le scrúdú de réigiún Éireannach ná de réigiún Ilchríochach / Fo-Ilchríochach.
- Scrúdúchán nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- 7 x PSÁ ar a mhéad mura bpléitear ach toisc amháin.
- 1 x PSÁ ar a mhéad in aghaidh na toisce mura bhfuil ann ach cur síos ar an toisc gan tagairt d'fhorbairt ghníomhaíochta geilleagraí tánaistí.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ le haghaidh sracléarscáil lipéadaithe bailí ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ breise le haghaidh faisnéis ábhartha bhreise ar an sracléarscáil ón scrúdú. Caithfidh gur faisnéis í seo nár bronnadh marc uirthi cheana sa chuntas scríofa.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach.

| Nóta Mínithe | Úsáid | Marcanna |
|---|---|---|
| FA | Toisc aitheanta | 2 |
| Ex | Sampla de ghníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach | 2 |
| ✓2 | Eolas bailí dar luach 2 mharc | 2 |
| ✓ | Farasbarr eolais | Níl ar fáil |
| Dg | Sracléarscáil bhailí | 2 |
| P1 / P2 | Baint ag nótaí mínithe le toisc 1 / toisc 2 | Níl ar fáil |

**6C. Forbairt Uirbeach**

Scrúdaigh na tosca a raibh tionchar acu ar an bhforbairt a tháinig ar cheantar uirbeach **amháin** i réigiún **Ilchríochach / Fo-ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip) a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Limistéar uirbeach ainmnithe | 2 mharc |
| Tosca aitheanta | 2 + 2 mharc |
| Scrúdúchán | 12 x PSÁ |

- Tabhair creidiúint 1 x PSÁ as an tríú toisc a aithníodh ón scrúdú. Is gá gach toisc sa bhreis a scrúdú.
- Ná glac le limistéar uirbeach i réigiún Éireannach nó Eorpach.
- Glactar le haon chineál limistéar uirbeach bailí, nó cuid de sin, beag beann ar mhéid an limistéir.
- Scrúdú nach ndéantar tagairt ann do limistéar uirbeach ainmnithe ná do limistéar uirbeach a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- Is féidir leis an scrúdú a bheith bunaithe ar léirmhíniú dearfach nó diúltach ar fhorbairt.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ le haghaidh sracléarscáil lipéadaithe bailí ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ breise le haghaidh faisnéis ábhartha bhreise ar an sracléarscáil ón scrúdú. Caithfidh gur faisnéis í seo nár bronnadh marc uirthi cheana sa chuntas scríofa.

| Nóta Mínithe | Úsáid | Marcanna |
|---|---|---|
| N | Limistéar uirbeach ainmnithe | 2 |
| FA | Toisc aitheanta | 2 |
| ✓2 | Eolas bailí dar luach 2 mharc | 2 |
| ✓ | Farasbarr eolais | Níl ar fáil |
| Dg | Sracléarscáil bhailí | 2 |


24

## ROINN 3

## TOGHAONAID

## Ceist 7 go 12

**Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha (Ceist 7, 8 agus 9)**

**Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine (Ceist 10, 11 agus 12)**

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.


25

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS i nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA

**Ceist 7 go 9**

## Ceist 7

**7A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil leathscála den limistéar a thaispeántar.

Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh mar is ceart gach ceann díobh seo a leanas:

- An galfchúrsa
- An t-Ionad dearctha
- An rotharbhealach in iarthuaisceart na léarscáile
- Limistéar foraoise ó dheas de thuaidhlíne 40.

**[20m]**

| | |
|---|---|
| Imlíne na Sracléarscáile | 4 mharc (4/0) |
| 4 ghné @ 4 mharc an ceann | Taispeánta 3 mharc (grádaithe 3/1/0)<br>Lipéad 1 mharc |

- Ní mór imlíne na sracléarscáile a bheith tarraingthe go leathscála an achair a leagtar síos. Is é an méid a theastaíonn ná 12cm x 9cm [ceadaigh difríocht suas le 0.5cm]. Ní mór é a bheith i dtreoshuíomh tírdhreacha.
- Ní mór ceithre thaobh tarraingthe a bheith ag an sracléarscáil. Níl sé inghlactha imeall an leathnaigh a úsáid. Cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile.
- Sa chás gur rianaíocht a dhéantar den tsracléarscáil nó nach ndéantar ach cuid den léarscáil a tharraingt, cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile agus 3 mharc in aghaidh na míre. Ná ceadaigh ach marcanna lipéadaithe.
- Má úsáidtear aerfótagraf in ionad léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis 0 marc.
- Féadfaidh lipéid a bheith curtha ar na gnéithe ar an tsracléarscáil nó in eochair. Mura bhfuil siad lipéadaithe, 0 marc as taispeáint.
- Ní mór iarracht a bheith ann ar ghné a thaispeáint chun go mbronnfar marcanna as lipéadú. Mura dtaispeántar, 0 marc as lipéadú. Má bhíonn an ghné aimsithe san áit chontráilte, ach í lipéadaithe i gceart, féadfar marcanna i gcomhair lipéadú a bhronnadh toisc go ndearnadh iarracht í a aimsiú.
- Marcanna taispeána grádaithe 3/1/0. Cruinneas réasúnta (suíomh agus coibhneas) le haghaidh lánmharcanna taispeána.
- Is féidir an sracléarscáil a tharraingt ar an bhfreagarleabhar nó ar ghrafpháipéar.

**7B. Cuideachta Ilnáisiúnta**

Tabhair cur síos agus míniú ar **dhá** cheann ar bith díobh seo a leanas agus tagairt agat do chuideachta ilnáisiúnta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi:

- Foinsiú amhábhar agus comhpháirteanna
- Suíomh na aonad próiseála
- Suíomh na margaí.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| MNC ainmnithe | 2 mharc |
| Cur síos agus míniú 1 | 7 x PSÁ |
| Cur síos agus míniú 2 | 7 x PSÁ |

- ➢ Tabhair creidiúint 2 x PSÁ as samplaí ón gcur síos/míniú.
- ➢ Tugtar creidiúint 1 x PSÁ i gcomhair léaráid ábhartha lipéadaithe ón gcur síos/míniú. 0 marc ar léaráid gan lipéadú.
- ➢ Creidiúint i gcomhair eolas ábhartha breise ar an léaráid lipéadaithe le haghaidh 2 x PSÁ ón gcur síos/míniú. Caithfidh gur faisnéis í seo nár bronnadh marc uirthi cheana sa chuntas scríofa.
- ➢ Plé nach bhfuil nasc ann le cuideachta ilnáisiúnta ainmnithe: 0 marc.
- ➢ 4 x PSÁ ar a mhéad in aghaidh na toisce mura ndéantar ach cur síos ar thoisc gan aon tagairt do mhíniú.

| Nóta Mínithe | Úsáid | Marcanna |
|---|---|---|
| N | MNC ainmnithe | 2 |
| Ex | Sampla | 2 |
| Dg | Léaráid bhailí | 2 |
| ✓2 | Eolas bailí dar luach 2 mharc | 2 |
| ✓ | Farasbarr eolais | Níl ar fáil |
| P1 / P2 | Baineann na hanótálacha le ceannteideal 1 / ceannteideal 2 | Níl ar fáil |


27

**7C. Coilíneachas**

Scrúdaigh na dúshláin a bhí mar thoradh ar an gcoilíneachas atá le sárú ag geilleagar atá i mbéal forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Dúshláin aitheanta | 2 + 2 mharc |
| Geilleagar i mbéal forbartha ainmnithe | 2 mharc |
| Scrúdúchán | 12 x PSÁ |

- Ní mór scrúdú a dhéanamh ar gach dúshlán eile.
- 2 x PSÁ ar a mhéad as an scrúdú gan tagairt do thír i mbéal forbartha ainmnithe.
- 2 x PSÁ ar a mhéad mura bhfuil ann ach cur síos ar an gcoilíneachas, gan tagairt do thionchair a bhíonn roimh an ngeilleagar i mbéal forbartha mar thoradh ar an gcoilíneachas.
- 2 x PSÁ ar a mhéad mura bhfuil ann ach cur síos ar an ngeilleagar i mbéal forbartha, gan aon tagairt do na dúshláin a bhíonn ann mar thoradh ar an gcoilíneachas.


| Nóta Mínithe | Úsáid | Marcanna |
|---|---|---|
| I | Dúshláin aitheanta | 2 |
| N | Geilleagar i mbéal forbartha ainmnithe | 2 |
| ✓2 | Eolas bailí dar luach 2 mharc | 2 |
| ✓ | Farasbarr eolais | Níl ar fáil |


28

## Ceist 8

### 8A. Giniúint Leictreachais

Giniúint Leictreachais in Éirinn de réir foinse (in %) in 2012 agus 2022




Scrúdaigh na cairteacha thuas ina dtaispeántar giniúint leictreachais in Éirinn de réir foinse (%) in 2012 agus in 2022, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén fhoinse bhreosla ba mhó do ghiniúint leictreachais in Éirinn in 2022?

(ii) Cén fhoinse bhreosla ba lú do ghiniúint leictreachais in Éirinn in 2012?

(iii) Ainmnigh **dhá** fhoinse do ghiniúint leictreachais a laghdaigh ó 2012 go 2022.

(iv) Cén céatadán (%) de mhéadú a tháinig ar an ngaoth mar fhoinse de ghiniúint leictreachais ó 2012 go 2022?

(v) Ríomh **X**, an céatadán (%) den leictreachas a gineadh ó ghual in 2022.

(vi) Seachas hidrea-chumhacht agus an ghaoth, ainmnigh foinse **amháin** eile d'fhuinneamh in-athnuaite.

(vii) Mínigh go hachomair iarmhairt dhiúltach **amháin** a bhaineann le breoslaí iontaise a úsáid do ghiniúint leictreachais.

**[20m]**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Gás | 2 mharc |
| (ii) | Hidrea-chumhacht | 2 mharc |
| (iii) | Móin agus Gual | 2 + 2 mharc |
| (iv) | 13 (%) | 2 mharc |
| (v) | 12 (%) | 4 mharc |
| (vi) | Foinse bhailí | 2 mharc |
| (vii) | Míniú bailí | 2 + 2 mharc |

## 8B. Gníomhaíochtaí Geilleagracha Treasacha

Agus fianaise ó léarscáil 1:50 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis d'Uachtar Ard a ghabhann leis an bpáipéar seo á húsáid agat, pléigh an acmhainneacht d'fhorbairt na turasóireachta sa limistéar a thaispeántar ar an léarscáil agus tagairt agat dóibh seo a leanas:

- Inrochtaineacht
- Seirbhísí (seachas iompar)
- Nithe is díol spéise.

**[30m]**

Trí cheannteideal @ 10 marc an ceann
Ar gach ceann de na **trí** cheannteideal:

| | |
|---|---|
| Sampla ainmnithe | 2 mharc |
| Fianaise léarscáile | 2 mharc |
| Plé | 3 x PSÁ |

- ➢ Is féidir leis an tagairt léarscáile a bheith ina thagairt eangaí nó ina bhóthar ainmnithe srl.
- ➢ Ní mór gach fianaise léarscáile agus plé a bheith bainteach le turasóireacht.
- ➢ Glactar le gach chineál iompair (bóthar, iarnród, abhainn, srl).
- ➢ Má bhíonn an freagra bunaithe ar aerfhótagraf, ná ceadaigh ach sampla ainmnithe in aghaidh an cheannteidil.

| Nóta Mínithe | Úsáid | Marcanna |
|---|---|---|
| N | Sampla ainmnithe | 2 |
| REF | Fianaise léarscáile | 2 |
| ✓2 | Eolas bailí dar luach 2 mharc | 2 |
| ✓ | Farasbarr eolais | Níl ar fáil |
| P1 / P2 / P3 | Baineann na hanótálacha le Ceannteideal 1 / Ceannteideal 2 / Ceannteideal 3 | Níl ar fáil |


30

**8C. Beartas de chuid an Aontais Eorpaigh**

Scrúdaigh an dóigh a mbíonn tionchar ag beartas/beartais an Aontais Eorpaigh ar gheilleagar na hÉireann.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tionchar ar gheilleagar na hÉireann aitheanta | 2 mharc |
| Tagairt do pholasaí AE | 2 mharc |
| Scrúdúchán | 13 x PSÁ |

- Tabhair creidiúint 1 x PSÁ as an dara tionchar ar gheilleagar na hÉireann a aithníodh ón scrúdú.
- Maidir le haon tionchar agus beartais eile, tá gá le scrúdú.
- Uasmhéid de 2 x PSÁ mura bhfuil ann ach plé gan tagairt do thionchar Bheartas an Aontais Eorpaigh ar gheilleagar na hÉireann.
- Uasmhéid de 2 x PSÁ mura bhfuil ann ach plé gan tagairt do thionchar bheartas an Aontais Eorpaigh.
- Glac le dearcthaí dearfacha agus diúltacha laistigh den scrúdú.

| Nóta Mínithe | Úsáid | Marcanna |
|---|---|---|
| I | Tionchar aitheanta | 2 |
| REF | Tagairt do pholasaí AE | 2 |
| ✓2 | Eolas bailí dar luach 2 mharc | 2 |
| ✓ | Farasbarr eolais | Níl ar fáil |


31

## Ceist 9

### 9A. HDI – Ionchas Saoil

Meánionchas saoil tráth breithe (ina bhlianta) in 2023

| Ilchríoch | Ionchais Saoil |
|---|---|
| An Afraic | 63 |
| An Áise | 74 |
| An Eoraip | 78 |
| Meiriceá Thuaidh | 76 |
| An Aigéine | 79 |
| Meiriceá Theas | 74 |

Arna chur in oiriúint ó statista.com

